



Cúrsaí Dornálaíochta

Nuacht TG4 (Leibhéal B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chúrsaí dornálaíochta. Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus pléigh na ceistanna seo le chéile:

1. An imríonn tú spórt nó an ndéanann tú aclaíocht?
(Imrím peil, téim ag snámh, freastalaím ar rang dornálaíochta.)
2. An duine aclaí thú?
(Is ea. Téim ag rith gach lá. / Ní hea. Ní dhéanaim aon rud.)
3. An maith leat a bheith amuigh faoin aer?
(Is breá liom é. / Ní maith. B'fhéarr liom a bheith sa teach.)
4. An bhféachann tú ar spórt ar an teilifís?
(Féachaim. Féachaim ar rugbaí. / Ní fhéachaim. Tá sé leadránach.)
5. Cad a cheapann tú faoin dornálaíocht?
(Is breá liom an dornálaíocht mar... / Is fuath liom an dornálaíocht mar...)



B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

siar is aniar	medal
Craobhacha	bronze
amhlaidh a dhéanamh	toing and froing
cheal airgid	best endeavour
bonn	to do so, to do the same
dúshlán	awfully, decidedly
thar a bheith	looking forward to
cré-umha	for want of money
ag tnúth	challenge
dícheall	Championships

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Bhuaigh sí an _____ ag na Cluichí Oilimpeacha.
- Tá Clíona D'Arcy _____ sásta go mbeidh siad ag dul chun na Spáinne.
- Beidh _____ an Domhain ar siúl sa Spáinn.
- Rinne an fhoireann gaisce i mbliana agus ba mhaith leo _____ i gCraobhacha an Domhain.
- Tar éis mórán _____ beidh na lúthchleasaithe ag dul go dtí an Spáinn.
- _____ a bheidh sna Craobhacha Domhanda ach déanfaidh Clíona a _____.
- Tá an fhoireann ar fad _____ go mór leis an gcomórtas.
- Bhí faitíos orthu nach seolfaí ach leathfhoireann _____.

2. An bhfuil focal eile agat ar an bhfocal 'fiche'?

3. Cad faoin bhfocal 'seaimpín'? An bhfuil focal eile agat ar an bhfocal sin?

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ceisteanna seo a leanas. Cuirigí tic leis na freagraí cearta.

1. Cé a bheidh ag taisteal chun na Spáinne chun páirt a ghlacadh i gCraobhacha an Domhain?
 - A. beirt lúthchleasaithe
 - B. 22 lúthchleasaí
 - C. ocht lúthchleasaí dhéag
2. Dúradh nach rachadh an fhoireann chun na Spáinne ar dtús, agus luadh dhá chúis leis sin sa mhír. Cén chúis thíos **nár** luadh sa mhír?
 - A. easpa ullmhúcháin
 - B. baghcat
 - C. cheal airgid
3. Cá ndearna Clíona an campa traenála?
 - A. Gaillimh
 - B. Caisleán an Bharraigh
 - C. Éadan Doire
4. Cad iad na boinn a bhuaigh siad sa Bhulgáir?
 - A. dhá bhonn óir, dhá bhonn airgid agus ceithre bhonn cré-umha
 - B. trí bhonn óir, trí bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha
 - C. trí bhonn óir, dhá bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha
5. Conas a mhothaíonn Clíona faoina bheith ag glacadh páirt i gCraobhacha an Domhain?
 - A. tá sí ag súil go mór leis an gcomórtas
 - B. tá sí neirbhíseach faoin gcomórtas
 - C. tá sí ag tnúth go mór leis an mbonn óir a bhuaich

Féachaigí ar an mír arís le do chuid freagraí a sheiceáil.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na bunuimhreacha)

Cuir an leagan ceart den fhocal 'bonn', den fhocal 'seomra' agus den fhocal 'áit' sna spásanna sa tábla thíos.

	1 (amháin)	2-6 (dhá, trí, ceithre, cúig, sé)	7-10 (seacht, ocht, naoi, deich)	20, 30, 40... (fiche, tríocha, daichead...)
bonn				
seomra				
áit				

2: Cruinneas gramadaí (breischéim na haidiachta)

Féach ar na samplaí seo a leanas de bhreischéim na n-aidiachtaí:

luath	suimiúil	socair	cuí	díreach
níos luaithe	níos suimiúla	níos socra	níos cuí	níos dírí

Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an leagan ceart de na haidiachtaí sna bearnaí. Bain úsáid as na samplaí thuas mar threoir agus cuimhnigh ar an riail – caol le caol agus leathan le leathan.

- Tá an Fhraincis níos (deacair) _____ ná an Ghaeilge.
- Tá mo dheartháir níos (ard) _____ ná m'athair.
- Nach bhfuil tú níos (sásta) _____ anois?
- Sílim go bhfuil an tsláinte níos (tábhachtach) _____ ná na táinte.
- Bhí an leabhar níos (suimiúil) _____ ná an scannán.

3: Saibhreas teanga (réitím le)

Dúirt Clíona D'Arcy sa mhír go 'réitíonn gach duine go han-mhaith le chéile'. Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus smaoinígí ar na bealaí ar fad atá agaibh chun a rá:

'we are friends'

'we fell out with each other'

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

- a) Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Cuirigí póstaer le chéile chun ócáid spóirt a fhógairt. Bíodh an póstaer a dhearfaidh sibh cosúil leis an sampla ar an gcéad leathanach eile. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ar an bpóstaer:

An spórt: Rugbaí, galf ...
An cineál comórtais: comórtas an bhaile, craobhchomórtas, cluiche dúshláin...
An lá
An dáta
An seoladh
Na foirne, na daoine
An praghas ar thicéad

- b) Beidh sibh ag cur ceisteanna ar ball ar na grúpaí eile faoi na póstaer a dhear siad féin. Ar dtús, cuirigí na focail san ord ceart chun na ceisteanna cearta a chruthú.

(atá) (spórt) (ann) (Cén)?

(siúl) (cineál) (Cén) (ar) (comórtais) (atá)?

(a bheidh) (Cén) (ar) (sé) (siúl) (lá)?

(atá) (dáta) (ann) (Cén)?

(an) (mbeidh) (Cá) (siúl) (cluiche / comórtas) (ar)?

(ag) (Cé) (imirt) (a bheidh)?

(thicéad) (atá) (mhéad) (ar) (Cé)?

2: Caint

Cuir na ceisteanna thuas ar na daoine sna grúpaí eile anois chun eolas a fháil faoi na hócáidí spóirt atá ar a bpóstaer.

PEIL GHAELACH

COMÓRTAS AN
BHAILE

DÉ DOMHNAIGH
14 NOLLAIG 2022

Páirc an tSéipéil
Baile na Carraige
Contae Luimní

**CAILÍNÍ AN
CHLOCHAIR
VS
CAILÍNÍ NA
POBALSCOILE**

€15

CEANNAIGH TICÉAD

www.gaalumneach.com



AN SCRIPT

Ruairí Mac an Iomaire

Cúrsaí dornálaíochta ar dtús tráthnóna, a chairde. Agus, tar éis mórán siar agus aniar le mí nó dhó anuas, taistealóidh foireann iomlán de bheirt lúthchleasaí is fiche chun na Spáinne Dé Sathairn, le páirt a ghlacadh i gCraobhacha Domhanda faoi ocht mbliana déag d’aois. Rinne an fhoireann gaisce mór ar ndóigh níos luaithe sa mbliain¹ ag na Craobhacha Eorpacha agus tá súil acu amhlaidh a dhéanamh arís as seo go ceann coicíse. Tá bóthar fada curtha díobh ag foireann dornálaíochta faoi ocht mbliana déag na hÉireann, ó bhuaigh siad ocht gcinn de bhoinn ag Craobhacha na hEorpa i mí Aibreáin. Iad ag ullmhú do Chraobhacha an Domhain sa Spáinn, é ráite leo ansin ag an IABA nach seolfaí ach leathfhoireanncheal airgid. Dúradh ansin leo nach mbeadh aon fhoireann ar chor ar bith ag taisteal de bharr baghcait. Ach, sa deireadh, ní hamháin go bhfuil iomaitheoirí ar leith anois ag taisteal, ach an fhoireann iomlán, de bhreis is scór. Ina measc siúd atá freisin ag taisteal tá Clíona D’Arcy na Gaillimhe, a bhuaigh bonn óir Eorpach in Sofia agus atá ag súil anois croitheadh ceart a thabhairt don dúshlán domhanda.

Clíona D’Arcy, Curadh Dornálaíochta F18 na hEorpa

Táim thar a bheith sásta go bhfuil muid ag dul anois. Bhí muid ag traenáil gach deireadh seachtaine ón am nuair a chlos² muid an cinneadh a bhí déanta ag an IABA agus bhí mé ag spearáil thuas³ i gCaisleán an Bharraí le beirt chailíní⁴ agus rinne mé traenáil, campa traenála thuas in Éadan Doire freisin. Tá foireann mhaith againn agus réitíonn gach duine go han-mhaith lena chéile agus tá spiorad iontach thuas ag traenáil gach deireadh seachtaine ón am a dúirt siad go raibh muid ag dul. Tá gach duine sásta leis.

Ruairí Mac an Iomaire

Trí bhonn óir, dhá bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha a thug an fhoireann abhaile ón mBulgáir níos luaithe sa mbliain. Ach, is céim mhór eile iad na Craobhacha Domhanda. Mar sin féin, ní gan dóchas atá Clíona agus an chuid eile den fhoireann ag taisteal.

Clíona D’Arcy, Curadh Dornálaíochta F18 na hEorpa

Táim ag tnúth go mór leis an gcomórtas agus táim thar a bheith sásta go bhfuil muid ag dul ann. Táim réidh leis anois don dornálaíocht. Tá muid go léir ag féachaint ar an mbonn óir ach seo mo chéad uair ag dul amach go dtí comórtas mar seo. Tá mé chun mo dhícheall a dhéanamh chun féachaint ar gach comórtas mar a thagann siad agus mo dhícheall a dhéanamh.

Ruairí Mac an Iomaire

Ar ndóigh, ní féidir níos mó ná sin a dhéanamh.

¹ Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh ‘sa’.

² chlos = leagan canúnach de ‘chuala’

³ ‘suas’ a dúradh

⁴ ‘dhá chailíní’ a dúradh

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna faoi spórt. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis na foghlaimeoirí agus ag cuidiú leo.

B: FOCLÓIR

1. Féach:

siar is aniar	toing and froing
Craobhacha	Championships
amhlaidh a dhéanamh	to do so, to do the same
cheal airgid	for want of money
bonn	medal
dúshlán	challenge
thar a bheith	awfully, decidedly
cré-umha	bronze
ag tnúth	looking forward to
dícheall	best endeavour

2. Féach:

- Bhuaigh sí an **bonn cré-umha** ag na Cluichí Oilimpeacha.
- Tá Clíona D’Arcy **thar a bheith** sásta go mbeidh siad ag dul chun na Spáinne.
- Beidh **Craobhacha** an Domhain ar siúl sa Spáinn.
- Rinne an fhoireann gaisce i mbliana agus ba mhaith leo **amhlaidh a dhéanamh** i gCraobhacha an Domhain.
- Tar éis mórán **siar is aniar** beidh na lúthchleasaithe ag dul go dtí an Spáinn.
- **Dúshlán** a bheidh sna Craobhacha Domhanda ach déanfaidh Clíona a **dícheall**.
- Tá an fhoireann ar fad **ag tnúth** go mór leis an gcomórtas.
- Bhí faitíos orthu nach seolfaí ach leathfhoireann cheal airgid.

3. ‘Scór’ an focal a úsáideadh sa mhír.

4. ‘Curadh’ an t-ainm a tugadh arChlíona D’Arcy sa mhír.

C: TUISCINT

1. B
2. A
3. C
4. C
5. A

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na bunuimhreacha)

	1 (amháin)	2-6 (dhá, trí, ceithre, cúig, sé)	7-10 (seacht, ocht, naoi, deich)	20, 30, 40... (fiche, tríocha, daichead...)
bonn	bonn	bhonn	mbonn	bonn
seomra	seomra	sheomra	seomra	seomra
áit	áit	áit	n-áit	áit

2: Cruinneas gramadaí (breischéim na haidiachta)

Tá an Fhraincis níos **deacra** ná an Ghaeilge.

Tá mo dheartháir níos **airde** ná m'athair.

Nach bhfuil tú níos **sásta** anois?

Sílím go bhfuil an tsláinte níos **tábhachtaí** ná na táinte.

Bhí an leabhar níos **suimiúla** ná an scannán.

3: Cruinneas gramadaí (saibhreas teanga)

'we are friends' – is cairde muid, táimid cairdiúil, táimid mór le chéile, is dlúthchairde muid

'we fell out with each other' - thit muid amach le chéile, d'éirigh eadrainn, tharla easaontas eadrainn

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Léigh tríd an bpóstaer leis an rang ar dtús agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag dearadh póstaer eile cosúil leis ar ball. Abair leo go gcaithfidh an t-eolas atá ar an liosta a bheith ar an bpóstaer. Nuair a bheidh an póstaer déanta acu tabhair deis dóibh na focail sna ceisteanna a chur san ord ceart.

Cén spórt atá ann?

Cén cineál comórtais atá ar siúl?

Cén lá a bheidh sé ar siúl?

Cén dáta atá ann?

Cá mbeidh an cluiche / comórtas ar siúl?

Cé a bheidh ag imirt?

Cé mhéad atá ar thicéad?

2: Caint

Abair leo ansin na ceisteanna faoi **Caint** a chur ar na grúpaí eile faoina bpóstaer.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil
Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad
na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

